



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



*Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.*

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH
LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020



Ón gCuraclam: Leibhéal 3

An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
<p>Mistéir Dé</p> <ul style="list-style-type: none">Tá aithne phearsanta grámhar ag Dia orm (CCC 300).Cuireann na Críostaithe an creideamh i nDia in iúl trí ghuí a dhéanamh agus trí fhianaise a thabhairt. <p>Mistéir na hEaglaise/na Ríochta</p> <ul style="list-style-type: none">Bímid mar fhinnéithe ar Ríocht Dé agus a chur chun cinn trí bheith cóir, grámhar don chomharsa agus trí aire a thabhairt don domhan. (Mic 6:6-8; GS 33; CCC 2045-46). <p>Traidisiúin Chreideamh Eile</p> <ul style="list-style-type: none">Creideann an Críostaí gur ionann luach na comharsan agus ár luach féin (Marcas 12:31; GS 27; CCC 1944).	<p>An Scríbhinn Dhiaga</p> <ul style="list-style-type: none">Matha 22:37-40
Liotúirge & Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
<p>Urnaí</p> <ul style="list-style-type: none">Is féidir linn guí in aon áit, am ar bith (CCC 2660; CSRE 2c). <p>Na Sacraimintí</p> <ul style="list-style-type: none">Déanaimid teagmháil ar leith le hÍosa sna sacraimintí (SC 7; CCC 1097).Léiríonn an Críostaí creideamh in Íosa tríd an maithiúnas a thabhairt agus a fháil. <p>Struchtúr an Aifrinn</p> <ul style="list-style-type: none">Deirtear linn sa ghnás scaipthe dul amach agus misean Chríost a thabhairt timpeall an domhain (CCC 1332, 1397)..	<p>áithreacht agus Cabhair Ghrástúil Dé</p> <ul style="list-style-type: none">An Phríomhathne: Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus do chomharsa mar tú féin (Matha 22:37-40; Léiv 19:18; CCC 2067).Deir Íosa linn go dtéann grá do Dhia agus grá don chomharsa lámh i láimh (cf. GS 24; CCC 1878). <p>Teagasc Sóisialta na hEaglaise</p> <ul style="list-style-type: none">Thuig Íosa luach pearsanta an duine aonair. Caithfidh an Críostaí grá a thabhairt do chách gan eisceacht a dhéanamh (CCC 1825).



An Luan: Maireachtáil go Sítheach le Dia

27 Eanáir 2020

*Imígí faoin domhan uile agus
fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile.*

(Marcas 16:15-16)



Smaoinigh

Cuirtear Ríocht Dé i láthair i rith cheiliúradh na hEocairiste.

Tá láithreach réalta Íosa ann i rith cheiliúradh na hEocairiste. Tarlaíonn aontas le hÍosa féin i rith an Aifrinn, le linn na hEocairiste. Cuirtear amach go comhbhách muid mar fhinnéithe ar ghrá Dé, lena scaipeadh ar fud an domhain, ar bhealach iontaobhach gníomhach.

Cuireadh gach duine againn ar an saol seo agus fáth áirithe ag Dia leis. Tugadh obair ar leith an duine dúinn. Bronnadh an ábaltacht, na tallanna oiriúnacha agus na scileanna cearta orainn lenár misean sonracha chur i gcrích.

Cad iad na tallanna a bhronn Dia ár nAthair ortsa? Conas mar a chuirfeadh Dia ceist orainn ár gcuid tallanna a úsáid ar mhaithe leis an duine eile?

Taighde

Déan scrúdú ar na nósanna a bhíonn i measc na ndaltaí maidir le deireadh an lae: binsí a shlachtú, málaí a líonadh, an dialann obair bhaile a sheiceáil, an phaidir dheiridh a rá, slán a rá, 7rl.

Mínigh do na daltaí go mbronnann an sagart beannacht speisialta orainn ag deireadh an Aifrinn. Tugtar Gnás an Scaipthe air. Deirtear linn: ‘Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha’. Deirtear linn maireachtáil ar nós Íosa agus ár gcuid tallanna agus scileanna a úsáid leis an soiscéal a scaipeadh ar domhan.

Déan brí an fhocail ‘tallann’ a phlé leis an rang. Cad atá i gceist má deirtear go mbíonn tallann ar leith ag duine don cheol, don ealaín, don amhránaíocht?

Mínigh gur ábaltacht nó scil nádúrtha atá ann. Mínigh dóibh go mbíonn réimse leathan scileanna ann. Is féidir le duine a bheith go maith ó thaobh cairdiúlachta de, ó thaobh éisteachta, ó thaobh labhairt amach, chomh maith le bheith go maith ag an bpeil nó an amhránaíocht.

Cén fáth go ndearna Dia an cinneadh go mbeadh gach duine éagsúil? Pléigh leis an rang é.

Conas mar a bheadh an saol dá mbeadh gach duine againn díreach mar an gcéanna?

Déan brí an fhrása ‘Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha’ a phlé leis an rang, agus an bhéim a bheith ar mhaireachtáil ar nós Íosa.

Pléigh na bealaí ina bhféadfaimis ár gcuid tallanna a úsáid ar mhaithe leis an duine eile.

Pléigh na bealaí ina bhféadfaimis ár gcuid tallanna sainiúla a úsáid le maireachtáil ar nós Íosa.





Gníomhaíocht

Mo chuid tallanna speisialta. (Cuir an teimpléad ar chairtchlár bán más féidir.)

Bain úsáid as ceap dúigh le rian méire a chur ar bhos na láimhe. Cuireadh na daltaí pictiúr nó focal ar gach aon mhéar a léiríonn tallann ar leith atá acu. Gearr amach an lámh ag an deireadh.

Scríobhadh na daltaí paidir ghearr ar chúl ag gabháil buíochas le Dia as na tallanna uathúla atá acu, agus bíodh gealltanús ann go mbainfear úsáid as na tallanna agus na buanna uathúla céanna ar mhaithe le grá Dé a chur in iúl don duine eile.

Mo Chuid
Tallanna Speisialta



**Gabhaim buíochas
leat a Dhia as na
tallanna uathúla
a bhronn tú orm.
Cabhraigh liom na
buanna sin a úsáid ar
lorg Íosa.**



An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

28 Eanáir 2020

‘Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; Faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile.’

(Eoin 13:34)



Smaoinigh

Tá an saol bunaithe ar ghrá a thabhairt agus comhbhá a bheith againn leis an duine eile. Nuair a bhímid ag fás aníos foghlaimimid de réir a chéile conas gaol cumarsáideach a bheith againn le daoine eile – leis na tuismitheoirí agus siblínní ar dtús, ansin lenár muintir eile, le teaghlach na hEaglaise agus níos déanaí nuair a bhímid fásta, leis an saol i gcoitinne, na comharsana, na cairde, leis na daoine eile a bhuaileann linn inár saol poiblí.

Taighde

Cuir Matha 22:37-40 os comhair an ranga.

‘Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d’anam go hiomlán agus ó d’aigne go hiomlán’ - is í sin an aithne mhór agus an phríomhathne. Agus is cosúil léise an dara ceann: ‘Gráoidh tú do chomharsa mar thú féin.’

Scríobh an frása in airde ionas gur féidir le cách é a léamh.

Déan brí an fhocail ‘comharsa’ a phlé. Smaoinigh ar na bealaí ina bhféadfaimis grá a léiriú do na comharsana sa bhaile, sa seomra ranga ar scoil, agus i measc an phobail i gcoitinne.

Gníomhaíocht

Bronn cóip den teimpléad ar an uile dhalta. Scríobhann na daltaí ainm, nó cuireann pictiúir díobh féin istigh sa lár.

Baineann do theaghlach féin leis an gcéad ciorcal ‘comharsana’. Smaoinigh ar ainm duine amháin sa teaghlach ar féidir leat grá a léiriú di/dó. Scríobh an t-ainm sa chiorcal a bhaineann leis an teaghlach.

Déanann na daltaí machnamh faoi na daoine sin agus faoi na bealaí inar féidir grá a léiriú dóibh. Má bhíonn sé deacair a leithéid a dhéanamh, bíodh seisiún ransaithe smaointe agaibh i mbeirteanna, nó i ngrúpaí beaga, nó mar rang iomlán.


Scríobhann siad an bealach inar féidir grá a léiriú sa chiorcal céanna, in aice leis an ainm a roghnaigh siad.

Déan an rud céanna leis na ciorcail eile: ár muintir, an chomharsanacht, ár bpáirtithe ranga, pobal na hEaglaise, pobal an bhaile nó na dúiche.

Is féidir cuid den obair seo maidir leis na ciorcail a líonadh, a dhéanamh sa bhaile. Is féidir an obair chríochnaithe a chur ar taispeáint le cur i gcuimhne do na daltaí go mbíonn bealaí praiticiúla ann leis an príomhathne a chur i bhfeidhm.



Maireachtáil go Sítheach
leis na Comharsana





An Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan Timpeall Orainn

30 Eanáir 2020

*‘Leis an Tiarna an talamh agus a lánmhaire,
an domhan ar fad agus a maireann ann.’*

(Salm 24:1)



Smaoinigh

Bhronn Dia an comhshaol orainn le húsáid agus le roinnt ag cách.



Thaispeáin Íosa dúinn conas maireachtáil go sítheach le Dia, leis an duine eile, agus leis an timpeallacht.

Baineann torthaí deimhneacha nó diúltacha leis na roghanna a dhéanaimid maidir le húsáid a bhaint as an gcomhshaol agus an tionchar a bheadh ag na roghanna sin ar an bpobal in áiteanna eile ar domhan.

Taighde

Bíodh seisiún ransaithe smaointe agaibh mar rang iomlán maidir leis na bealaí inar féidir linn aire a thabhairt do gach ar chruthaigh Dia, inár saol féin.

Seans go bhfuil tionscnamh comhshaoil idir lámha ar scoil cheana féin, agus go bhféadfaí tógáil air, agus an obair sin a phlé leis an rang.

Ba cheart na daltaí a spreagadh leis an eolas atá acu d'úsáid taobh istigh den scoil agus taobh amuigh chomh maith.

Gníomhaíocht

Preabadh don Nádúr:

Scaip na leathanaigh oibre i ndiaidh an phlé, agus iarr ar na daltaí bealaí a lua ar an líne dhubh ina bhféadfaidís preabadh chun gnímh le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh Dia.

Nuair a bhíonn na tuairimí scríofa acu, gearrtar an bhís amach ar an líne bhriste.

Garr ar an líne bhriste ar an taobh amuigh i dtosach agus lean ar aghaidh leis an bhís pháipéar a dhéanamh.

Ceangail fáiscín páipéir mar chrúca ar an mbarr agus lig don bhís bogadh suas agus síos.







An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

31 Eanáir 2020

'Agus bígí ag guí le hurnaí agus le himpí gach uair faoi luí an Spioraid. Fanaigí in bhur ndúiseacht chuige sin ag guí go buanseasmhach ar na naoimh uile.'

(Eif 6:18)



Smaoinigh

Bhíomar ag breathnú i rith na seachtaine ar na bealaí ina mairimid go sítheach le Dia, leis an gcomharsa, leis an domhan. Beimid ag díriú inniu ar ról na scoile Caitlicí, maidir le tuiscint domhain a bheith againn ar a ngrá atá ag Dia dúinn. Déanfar ceiliúradh ar thraidisiúin agus ar luchanna na scoile Caitlicí seo againne.

Nuair a dhéanaimid urnaí déanaimid ár gcroí agus ár meon a thabhairt do Dhia, nó iarraidimid grásta uaidh. Is cuid thábhachtach den saol Críostaí é an urnaí, aontaíonn sé lena chéile go rialta sinn.

Taighde

Tá saghsanna éagsúla urnaí ann, ach gur caint le Dia a bhíonn i gceist. Caithfidh na daltaí a thuiscint gur féidir leo rud ar bith a rá le Dia, toisc go bhfuil grá ollmhór aige dúinn, is cuma cad a dhéanaimid. Is féidir labhairt le Dia de réir mar a labhróimis leis an gcara is fearr againn. Gabhaimid buíochas le Dia as grá a thabhairt dúinn, lorgaimid maithiúnas dár bpeacaí, bímid ag iarraidh tuiscint dhomhain a bheith againn ar an méid a lorgaíonn Dia uainn, nuair a bhímid ag guí.

Déan an ghuí a dhéanaimid ar scoil a phlé; ar maidin iarraidimid ar Dhia obair an lae a bheannú, mar shampla. Ag deireadh an lae gabhaimid buíochas le Dia as aire a thabhairt dúinn. Guímid lena chéile ag Aifreann tús na bliana, nó ag amanna eile i rith na bliana. Déan na hamanna agus na bealaí éagsúla ina ndéanfaimis guí taobh amuigh den scoil a phlé.

Nuair a labhraímid le Dia tríd an nguí, is féidir linn:

Buíochas a ghabháil: Cuma cad a tharlaíonn, bíonn fáth againn le buíochas a ghabháil le Dia.

Maithiúnas a lorg: An bhfuil brón ort faoin rud dána a rinne tú?

Treoir a lorg: Ar mhaith leat go gcabhródh Dia le gné ar bith de do shaol?

Guí ar son an duine eile: An bhfuil duine ar aithne agat a mbeadh uireasa urnaithe orthu?

Déan na rudaí a d'fhéadfaí a lua agus muid ag caint le Dia i rith na guí, a phlé leis an rang.

Gníomhaíocht

Slabhra urnaí páipéir:

Tabhair stiall dhaite páipéir an duine dóibh agus abair leo paidir bhuíochais aonlíne a scríobh.

Ceangail na stiallacha páipéir lena chéile le slabhra a dhéanamh, le crochadh sa seomra.

Mura mbíonn mórán páistí sa ghrúpa agat, tabhair dhá nó trí stiall an duine dóibh.